


Mí na gCaitheamh Aimsire

Eochairfhocail: caitheamh aimsire, teangacha nua, suimeanna difriúla, Gearmáinis



Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cá bhfuil Gaelscoil na Móna suite?
2. Cén spórt a mbainfidh Olivia triail as an mhí seo?
3. Cén teanga nua atá á foghlaim ag na daltaí sa seomra ranga?
4. An bhfuil an múinteoir sa mhír nuachta seo i bhfábhar Mhí na gCaitheamh Aimsire?
5. Cén caitheamh aimsire nua ar mhaith leat féin triail a bhaint as amach anseo?


Anois, labhair le do pháirtí ranga agus freagraí na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na caithimh aimsire atá agat?
- Cad é an caitheamh aimsire is fearr leat?
- An bhfuil aon chaitheamh aimsire ann a thaitin leat nuair a bhí tú níos óige ach nach dtaitníonn leat a thuilleadh?
- An féidir leat cúig chaitheamh aimsire nach mbaineann le cúrsaí spóirt a ainmniú?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach caitheamh aimsire a bheith ag duine? Cén fáth?



Mí na gCaitheamh Aimsire

Eochairfhocail: caitheamh aimsire, teangacha nua, suimeanna difriúla, Gearmáinis



Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí

- Béal Feirste
- Cispheil
- Gearmáinis
- Tá

